Mí na Samhna 2023

I rith mí na Samhna smaoinaíonn muid orthu siúd atá imithe ar shlí na fírinne...baill dár dteaghlaigh féin, cairde, comharsana atá imithe chun Dé romhainn

Déanann na ceachtanna sna leabhair seo comóradh ar na mairbh ar fad:

InGD, Lamhleabhar an Mhúinteora: (le fáil ar líne amháin)
Naí Shóisearacha: L. 200, Naí Shinsearacha: L. 261; Rang a 1: L. 282; Rang a 2; L.283 Rang a 3: L. 341 Rang a 4; L. 407 Rang a 5: L..389 Rang a 6: L..457



1cd Samhain **: Lá Fhéile na Naomh Uile**
Deis iontach chun eolas a fháil faoi naomh phatrún na scoile/an pharóiste

2ra Samhain : **Comóradh na Marbh (Lá na Marbh) ---- c.f an seirbhís urnaí iniata.**

- *I nGrá Dé* Naí Shóis L. 233; *Naí Shins: L. 261;* Rang a 1 L. 282; Rang a 2 L. 283; *Rang a 3: L. 341; Rang a 4; L. 407* Rang a 5 L. 389, Rang a 6 457

6ú Samhain: **Naoimh na hÉireann**

- N. Pádraig, N.Bríd, N. Colmcille, N. Iarfhlaith, N. Fionnbarra, N. Breandán, N. Ciarán, N. Caoimhín, N. Labhrás Ó Tuathail, N. Olibhéar Pluincéad, N.Colmán, agus naoimh áitiúla.

Saint Jarlath in stained glass, Kilbennan

11ú Samhain- N. Máirtín as Tours

14ú Samhain- N. Labhrás Ó Tuathail, Naomh Phatrún Bhaile Átha Cliaith.

26ú· Samhain – Féile Chríost an Rí (An Domhnach deireanach den Bhliain Eaglasta)

30ú Samhain – N. Aindriú, Aspal, Naomh Phatrún na hAlban



- *I nGrá Dé* Rang a 1 L. 57, Rang a 2 L. 33

Paidreacha m.s. Urnaí ar son na marbh, Liodán na Naomh, Paidreacha do na Naoimh.

Seirbhís Urnaí do Lá na Marbh, 2ra Samhain

Múinteoir: *Tugtar Lá na Marbh a thugtar ar Chomóradh na bhFíréin atá imithe ar shlí na fírinne agus déantar é a cheiliúradh ar an 2ra lá de Mhí na Samhna gach bliain. Tá traidisiún láidir san Eaglais a léiríonn meas agus ómós do chuimhne na bhFíréin atá ar shlí na fírinne. Sa Seirbhís Urnaí ranga seo, tugtar cuireadh do na páistí baill teaghlaigh, cairde agus comharsana atá imithe ar shlí na fírinne a thabhairt chun cuimhne. Is féidir é a úsáid am ar bith i rith na míosa.*

Beidh na rudaí seo uait:

**** An Crann Cuimhneacháin:***

- *Craobh lom de chrann i bpota gainimh nó créafóige. Duilleog páipéir do gach duine. (Sampla iniata). Ba chóir go mbeadh siad seo ullmhaithe sa rang roimh na seirbhíse agus réidh le crochadh ar an "gcrann"*
- *Teastóidh "punch" chun poll a chur sna duilleoga agus sreangán chun na duilleoga a chrochadh.*
- *Seachtar páistí chun léitheoireacht a dhéanamh.*

- ***Spás Naofa:***

*Éadach corcra, Bíobla ar oscailt ag Thessalonians 4:13-18**
Coinneal
An Chrois Chéasta

Amhrán Iontrála*:* Roghnaigh amhrán óna ceachtanna ata luaite ar leathanach a 1 thuas.

Múinteoir: *In ainm an Athar, an Mhic agus an Spiorad Naomh*

***All*:** Áiméan

Múinteoir: Tosóimid le Paidir na Maidne

***All*:** A Athair ar Neamh, tá grá agat dom, tá tú liom de ló is d'oíche, táim ag iarraidh grá a thabhairt duit i gcónaí le mo bhriathra agus mo ghníomhartha. Déanfaidh mé iarracht tú a shásamh i gcónaí, a Athair. Beannaigh mé i rith an lae seo. Áiméan

***Múinteoir*:** Tagann muid le chéile inniu chun na daoine a raibh aithne againn orthu agus a raibh grá againn dóibh agus atá anois ar shlí na fírinne a thabhairt chun cuimhne. Níos túisce scríobh muid a n-ainmneacha ar ár nduilleoga urnaí, agus tá siad sin anois réidh le crochadh ar an gCrann Cuimhneacháin. Tugaimid cuireadh anois do gach páiste a gcuid duilleoga a chrochadh ar an gCrann Cuimhneacháin. Tá na duilleoga seo mar chomhartha ar ár bpaidreacha dár mairbh.

(Is féidir leis na páistí teacht chun cinn agus a gcuid duilleoga a chrochadh le chéile nó is féidir leat glaoch orthu ó dhuine go duine. B'fhéidir go mbeadh sé go deas ceol machnamhach a sheinnt ag an am céanna)

***Léitheoir 1*: Sliocht as litir N.Pól chuig na Teasalónaigh 4:13-18**

Creidimid go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirí sé arís agus is mar sin a bheidh sé do gach duine a bhfuil grá acu do Íosa. Nuair a fhaigheann siad bás, tógann Dia chuige féin iad. Nuair a gheobhaidh muid bás buailfimid leis an Tiarna ar neamh agus fanfaidh muid leis go deo.
Briathar Dé
Freagra: Gach Duine: Buíochas le Dia.

Múinteoir: Guímid le chéile ar son na marbh. Seo an freagra atá ar gach achainní:

"**Go lonnraí solas Chríost orthu"**

Léitheoir 2: Ar son na sean tuismitheoirí ar fad atá imithe ar shlí na fírinne-----Freagra

Léitheoir 3*:* Ar son na dtuismitheoirí ar fad atá imithe ar shlí na fírinne-----Freagra

***Léitheoir 4*:** Ar son mhúinteoirí na scoile seo atá imithe ar shlí na fírinne-----Freagra

Léitheoir 5*:* Ar son shagairt an pharóiste seo atá imithe ar shlí na fírinne -----Freagra

Léitheoir 6: Ar a son siúd nach bhfuil aon duine acu chun guí ar a son. -----Freagra

Léitheoir 7: Ar a son siúd a bhfuil a naimnneacha crochta ar an gCrann Cuimhneacháin -----Freagra

Múinteoir: Tá a fhios againn go mbíodh Íosa i gcónaí ag guí chuig a athair sna flaithis. D'iarr sé orainn guí chuig Dia, an tAthair. Mar sin guímid chun an Tiarna mar a d'iarr an Slánaitheoir orainn a dhéanamh:

Ár nAthair atá ar neamh...

Múinteoir: A Dhia na glóire glacaimid buíochas leat as an saol a chaith na daoine a raibh grá againn dóibh agus atá imithe uainn. Iarraimid ort aire a thabhairt dóibh siúd a airíonn uathu iad ag an am seo. Tugaimid chun cuimhne an gheallúint a thug tú, go beimid ar fad le chéile sna flaithis. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. Áiméan

Gach Duine*:* Áiméan

Múinteoir: In ainm an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh, Áiméan.

Amhrán Scoir: Roghnaigh amhrán ó cheann de na ceachtanna luaite ar leathanach a 1.